Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2018

Teicneolaíocht Ábhar - Adhmad

Obair Chúrsa - Achoimrí Dearaidh

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
200 marc

Tugtar na hAchoimrí Dearaidh i gcomhair na Scrúduithe Teastais in 2018 ar an leathanach thall.

NÍ MÓR AN OBAIR CHÚRSA A CHRÍOCHNÚ ROIMH 27 AIBREÁN 2018

RIALACHÁIN DO GACH IARRTHÓIR:

1. **D'obair phearsanta féin a chaithfidh a bheith san obair chúrsa a chuireann tú isteach le haghaidh measúnú.**

2. Más ar an nGnáthleibhéal a chuirtear isteach **ceachtar** den dá chomhpháirt le haghaidh measúnú (an scrúdú scríofa nó an obair chúrsa) is ar an **nGnáthleibhéal** a ghrádófar an t-ábhar.

3. **Ní mór d'obair chúrsa a dhéanamh sa scoil, faoi mhaoirseacht do mhúinteora.** Má chuireann tú isteach obair chúrsa nach féidir le do mhúinteoir a dheimhniú, ní bhronnfar marcanna ar bith as an déantúsán ná as an bhfillteán dearaidh.

4. **Ní mór na foinsí taighde a úsáidtear a admháil, an tIdirlíon san áireamh.** Ní ghnóthófar marc ar bith as ábhar taighde a chóipeáiltear go díreach ón Idirlíon ná ó fhoinsí ar bith eile agus a chuirtear isteach mar do chuid oibre féin.

5. **Ní mór duit d'obair chúrsa phearsanta ar leith – déantúsán agus fillteán dearaidh – a chur isteach.**

6. **Ní cóir do dhéantúsán a thabhairt amach as an scoil ar chúis ar bith nó má thugtar, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí an obair chúrsa sin a bheith neamhbhailí.**

Treoracha d'Iarrthóirí

1. Roghnaigh ceann **amháin** de na hachoimrí dearaidh thall, Ardleibhéal **nó** Gnáthleibhéal.

2. Ba chóir na gnéithe seo a bheith san áireamh san fhillteán dearaidh a ghabhann leis an obair chúrsa chríochnaithe:

   - ***Anailís*** *ar an achoimre dhearaidh a roghnaítear*
   - ***Iniúchadh / taighde*** *a bhaineann leis an réiteach a mholtar*
   - ***Forbairt ar smaointe dearaidh****, mar aon le meastóireacht orthu, agus ar an réiteach a roghnaítear*
   - ***Na sceitsí, na nodaireachtaí agus na líníochtaí oibre*** *atá riachtanach chun an réiteach roghnaithe a chur i gcrích*
   - ***Meastóireacht ar an dearadh,*** *ar an gcur i gcrích agus ar an déantúsán críochnaithe.*

3. Ní mór an obair chúrsa chríochnaithe – an déantúsán agus an fillteán dearaidh araon – a bheith ar fáil lena measúnú faoi **27 Aibreán 2018**.

4. Ba chóir do **Scrúduimhir** a scríobh go soiléir ar an déantúsán críochnaithe agus ar an bhfillteán dearaidh araon.

Obair Chúrsa 2018 - Dearadh agus Cur i gCrích

Achoimrí Dearaidh - Gnáthleibhéal

1. **Dear agus déan déantúsán adhmaid dlúith chun nótaí agus meabhrúcháin a thaispeáint i do theach.**

   Ba chóir go mbeadh áis ag an déantúsán chun eochracha **agus** míreanna beaga eile a choiméad. Ba chóir go mbeadh sé dearaithe go h-ealaíonta agus lámh chéardaithe.

   Níor chóir go mbeadh uastoise níos mó ná 420mm.

2. **Dear agus déan déantúsán maisiúil le luach fiadhúlra na h-Éireann a chur chun cinn.**

   Ba chóir go léireodh an déantúsán gnéithe do fhásra agus/nó de ainmhithe dúchasacha de do cheantar. Ba chóir go gcuirfí leis an dearadh trí adhmaid sholadacha a úsáid.

   Ba chóir go mbeadh an déantúsán dlúth agus oiriúnach le thaispeáint i do bhaile.

3. **Dear agus déan breagán oideachaisiúil tarraingteach mar bhronntanas do leanbh.**

   Ba chóir an breagán adhmaid a dhearadh chun cabhrú le leanbh cruthanna agus dathanna a aithint agus chun a scileanna láimhsite a fhorbairt.

   Níor chóir go mbeadh uastoise níos mó ná 350mm. Ba chóir go mbeadh an bailchríoch neamh tocsaineach agus sábháilte.

Achoimrí Dearaidh - Ardleibhéal

1. **Tugtar súntas do dhéantúsáin atá feidhmiúil go nuálach agus dearaithe go h-ealaíonta.**

   Dear agus déan coiméadán tarraingteach adhmaid le h-earraí bacáilte a stóráil. Ba chóir go mbeadh feidhm thánaisteach comhlántach a bheith mar chuid dhílis de do dhearadh. Ba chóir an déantúsán a dhearadh lena chur ar obairchuntar cistine nó lena crochadh ar bhalla agus déanta as adhmad soladach siúntáilte go h-oiriúnach.

   Níor chóir go mbeadh uastoise níos mó ná 400mm. Ba cóir go mbeadh an bailchríoch sábháilte do bhia.

2. **Tá folláine tábhachtach i saol an duine óig.**

   Dear agus déan déantúsán ealaíonta chun gné na folláine atá tabhtacht duit a léiriú. Ba chóir go gcuirfeadh adhmaid sholadacha codarsnacha le do dhéantúsán agus ba chóir go gcuirfeadh sé ar thaispeáint raon scileanna agus teicnící lámhceardaíochta.

   Ba chóir go mbeadh an déantúsán oiriúnach lena thaispeáint ar mhatal nó ar sheilf.

3. **Tá sruthú agus íoslodáil ar fhóin agus ar thaibléid coitianta agus ábhar ar line a aimsiú.**

   Dear agus déan déantúsán dlúth mar thaca do fhón nó do thaibléid fad is atáthar ag féachaint ar a bhfuil ann. Ba chóir go mbeadh áis ann, mar chuid dhílis de do dhearadh, chun an uille féachana a shocrú. Ní foláir go mbeadh áis stórála ann do chluasán agus do mhíreanna fo-ghabhálacha eile mar chuid de do dhéantúsán. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhéantúsán lámhceardaíocht sciliúil in adhmad.

   Ba chóir go mbeadh méid an déantúsáin oiriúnach do mhéid an fhóin nó an taibléid.

EOLAS DO NA hIARRTHÓIRÍ

Roinnt na Marcanna – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ceannteidil na Marcála	Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Anailís ar an achoimre	10	10
Iniúchadh / Taighde	10	10
Smaointe dearaidh / Réiteach	10	20
Sceitsí / Líníochtaí oibre	10	20
Meastóireacht	10	10
An tlomlán don Fhillteán	**50**	**70**
Oiriúnacht don Chuspóir	20	20
Úsáid chuí ábhar	10	10
Cruthaitheacht	20	20
Léiriú scileanna	60	40
Caighdeán na bailchríche	20	20
An dreach iomlán	20	20
An tlomlán don Chur i gCrích	**150**	**130**
IOMLÁN	***200 marc***	***200 marc***

Taispeántar thíos mionsamhail shimplí de phróiseas dearaidh.
Moltar duit ord loighciúil próiseas dearaidh den chineál seo a leanúint.